2024/2098

29.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2098 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2024

lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh réigiún na Mór-Lochanna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Feabhra 2023, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le straitéis athnuaite an Aontais um na Mór-Lochanna, ina raibh iarraidh ón gComhairle chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') togra a thíolacadh chun seasamh Ionadaí Speisialta an Aontais (ISAE) le haghaidh réigiún na Mór-Lochanna a athbhunú.

(2) Ba cheart ISAE le haghaidh réigiún na Mór-Lochanna a cheapadh go ceann tréimhse 12 mhí ar dtús.

(3) Ba cheart don Chomhairle agus don Choimisiún, le cúnamh ón Ardionadaí, comhsheasmhacht a áirithiú idir réimsí éagsúla ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais i réigiún na Mór-Lochanna agus a bheith ag oibriú i ndlúthchomhar chuige sin. Ba cheart don ISAE tacú agus oibriú i gcomhar leis na hinstitiúidí chuige sin.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh

Leis seo, ceaptar Johan BORGSTAM mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do réigiún na Mór-Lochanna ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh síneadh a chur le sainordú ISAE, nó é a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar bhonn togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

Airteagal 2

Cuspóirí beartais

Beidh sainordú ISAE comhsheasmhach le cuspóirí beartais eachtraigh an Aontais i réigiún na Mór-Lochanna agus i gcomhréir le conclúidí ón gComhairle an 20 Feabhra 2023 maidir le straitéis athnuaite um na Mór-Lochanna. Áirítear ar na cuspóirí sin:

(a) rannchuidiú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil i réigiún na Mór-Lochanna trí mhaolú an teannais agus cosc coinbhleachtaí a chur chun cinn agus trí thacú le hidirphlé agus réitigh réigiúnacha fhadtéarmacha ar ghéarchéimeanna agus ar choinbhleachtaí, go háirithe d'oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC);

(b) rannchuidiú le claochlú phríomhchúiseanna agus bhunchúiseanna na neamhshláine agus na héagobhsaíochta ionas go ndéanfar deiseanna comhroinnte díobh agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht i réigiún na Mór Lochanna;

(c) comhpháirtíocht níos láidre, níos cuimsithí agus níos straitéisí a thógáil leis na tíortha i réigiún na Mór-Lochanna chun an rathúnas agus an tslándáil a fheabhsú, ar bhonn comhluachanna agus comhleasanna.

Airteagal 3

Sainordú

Chun na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 2 a bhaint amach, is é an méid seo a leanas a bheidh mar shainordú ag ISAE:

(a) tacú leis an Ardionadaí i gcur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle an 20 Feabhra 2023 maidir le straitéis athnuaite um na Mór-Lochanna;

(b) dlúth-theagmháil agus dlúthchomhar a bhunú agus a choinneáil le tíortha réigiún na Mór-Lochanna, go háirithe: PDC, an Bhurúin, Ruanda agus Uganda; tíortha sa réigiún máguaird a bhfuil leasanna sonracha polaitiúla, taidhleoireachta, slándála nó eacnamaíocha acu i réigiún na Mór-Lochanna, lena n-áirítear sínitheoirí an Chreata Síochána, Slándála agus Comhair don PDC agus don réigiún; agus na príomheagraíochtaí agus na príomhfhóraim réigiúnacha, eadhon an tAontas Afracach, Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC), Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) agus Comhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS), an Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le réigiún Mór-Lochanna na hAfraice (ICGLR), Comhphobal Eacnamaíoch Thíortha na Mór-Lochanna agus an Cómhargadh don Afraic Thoir agus don Afraic Theas (COMESA); na Náisiúin Aontaithe, go háirithe Toscaire Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe do réigiún na Mór-Lochanna agus le Misean Cobhsúcháin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe in PDC (MONUSCO); na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais; comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn agus príomhghníomhaithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile; agus gníomhaithe ábhartha nach gníomhaithe stáit iad, ar nós údaráis áitiúla agus pobail áitiúla, an tsochaí shibhialta, institiúidí taighde, na meáin agus an earnáil phríobháideach;

(c) tacú le hiarrachtaí réigiúnacha idirghabhála agus éascaithe, mar shampla próisis Luanda agus Nairobi agus, más gá agus arna iarraidh sin ag páirtithe agus geallsealbhóirí ábhartha, páirt dhíreach a ghlacadh san idirghabháil, i ngníomhaíochtaí tacaíochta idirghabhála agus san idirphlé, chun an tsíocháin a chaomhnú agus a athbhunú ag céim ar bith agus ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do chaibidlíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe maidir le sos comhraic agus ar chomhaontuithe síochána, agus cuimsiú na sochaí sibhialta agus na mban a chur chun cinn ag gach céim de chothú na síochána;

(d) comhairle a chur ar fáil agus tuairisciú a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann don Aontas tacú le coinbhleachtaí a chosc, le próisis síochána, le cobhsaíocht agus le tionscnaimh um chomhdhlúthú na síochána; sa chomhthéacs sin, féadfaidh ISAE, i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha, ról a bheith aige maidir le tacú le cur chun feidhme comhaontuithe maidir le sos comhraic agus comhaontuithe síochána agus comhaontuithe gaolmhara eile, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus dul i dteagmháil le páirtithe ar bhonn taidhleoireachta i gcásanna neamhchomhlíonta;

(e) comhairle atá íogair ó thaobh coinbhleachta agus atá íogair ó thaobh inscne de a chur ar fáil a bhaineann le cobhsú réigiúnach, dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh grúpaí armtha, agus athchóiriú na hearnála slándála in PDC, lena n-áirítear i gcomhthéacs tharraingt siar MCENAC;

(f) rannchuidiú leis na hiarrachtaí réigiúnacha atá dírithe ar choinbhleachtaí a chosc agus ar chlaochlú bhunchúiseanna na neamhshláine agus na héagobhsaíochta ionas go ndéanfar deiseanna comhroinnte díobh, tríd an gcomhar agus comhtháthú réigiúnach, lena n-áirítear ó thaobh dea-rialachais agus an smachta reachta de; go háirithe, díriú ar shaincheist an dúshaothraithe neamhdhleathaigh agus na gáinneála ar acmhainní nádúrtha agus tacú le tionscnaimh chun múnla bainistithe acmhainní faoi stiúir na hAfraice a fhorbairt atá inbhuanaithe, cothrom, atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus bunaithe ar chearta an duine, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach agus leis an tsochaí shibhialta;

(g) prionsabail agus rochtain dhaonnúil, urramú an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, rochtain ar cheartas, an comhar breithiúnach agus sásraí an cheartais idirthréimhsigh a chur chun cinn agus aird ar leith á tabhairt ar chomhrac an fhoréigin gnéis agus inscnebhunaithe agus ar sháruithe ar chearta na mban an linbh, lena n-áirítear trí earcaíocht éigeantach;

(h) cur le tuiscint níos fearr ar ról an Aontais i measc ceannairí tuairimíochta i réigiún na Mór-Lochanna agus tacú le cumarsáid straitéiseach agus réamhghníomhach maidir le spriocanna an Aontais sa réigiún.

Airteagal 4

An sainordú a chur chun feidhme

1. Beidh ISAE freagrach as an sainordú a chur chun feidhme, ag gníomhú dó nó di faoi údarás an Ardionadaí.

2. Coinneoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nasc pribhléideach le ISAE agus is é a bheidh ina phríomhphointe teagmhála ISAE leis an gComhairle. Cuirfidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála treoir straitéiseach agus stiúradh polaitiúil ar fáil do ISAE faoi chuimsiú an tsainordaithe, gan dochar do chumhachtaí an Ardionadaí.

3. Oibreoidh ISAE i ndlúthchomhar le ranna ábhartha na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis an gCoimisiún.

4. Oibreoidh ISAE i ndlúthchomhar le toscaireachtaí an Aontais i réigiún na Mór-Lochanna.

5. Beidh ISAE lonnaithe i gceanncheathrú SEGS, agus é/í ag taisteal go tráthrialta chuig réigiún na Mór-Lochanna.

Airteagal 5

Maoiniú

1. Is é EUR 1 500 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025 a chumhdach.

2. Bainisteofar an caiteachas i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Beidh bainistiú an chaiteachais faoi réir conradh idir ISAE agus an Coimisiún. Is don Choimisiún a bheidh ISAE cuntasach as gach caiteachas.

Airteagal 6

Tiomsú agus comhdhéanamh fhoireann ISAE

1. Laistigh de theorainneacha shainordú ISAE agus de na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha a chuirfear ar fáil, beidh ISAE freagrach as foireann ('foireann ISAE') a chur le chéile. Áireofar i bhfoireann ISAE saineolas maidir le saincheisteanna beartais de réir mar a cheanglófar leis an sainordú. Coinneoidh ISAE an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas go pras faoi chomhdhéanamh fhoireann ISAE.

2. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus SEGS a mholadh go dtabharfaí foireann ar iasacht do ISAE. Is iad an Ballstát lena mbaineann, institiúid an Aontais lena mbaineann nó SEGS, de réir mar is iomchuí, a chumhdóidh tuarastal an phearsanra sin atá ar iasacht. Féadfar saineolaithe atá ar iasacht ó na Ballstáit chuig institiúidí an Aontais nó chuig SEGS a phostú le foireann an ISAE freisin. Beidh náisiúntacht Bhallstáit ag baill foirne idirnáisiúnta ar conradh.

3. Is faoi údarás riaracháin an Bhallstáit seolta, institiúid seolta an Aontais nó SEGS a fhanfaidh an pearsanra uile ar iasacht agus comhlíonfaidh siad a ndualgais agus feidhmeoidh siad chun leas shainordú ISAE.

4. Comhlonnófar foireann ISAE le ranna ábhartha SEGS nó le toscaireachtaí ábhartha an Aontais chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a ngníomhaíochtaí faoi seach a áirithiú. Éascóidh ISAE athoscailt oifige de chuid an Aontais in Goma (PDC), lena n-áirítear trí bhaill foirne ó fhoireann ISAE a imscaradh go sealadach ann.

Airteagal 7

Pribhléidí agus díolúintí ISAE agus fhoireann ISAE

Na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá le haghaidh chomhlánú agus dhea-fheidhmiú shainordú ISAE chomh maith le foireann ISAE, déanfar iad a chomhaontú leis an bpáirtí óstach nó na páirtithe óstacha, de réir mar is iomchuí. Deonóidh na Ballstáit, SEGS agus an Coimisiún gach tacaíocht is gá chun na críche sin.

Airteagal 8

Slándáil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais

Urramóidh ISAE agus comhaltaí fhoireann ISAE na prionsabail slándála agus na híoschaighdeáin arna mbunú le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([1]).

Airteagal 9

Rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht lóistíochta

1. Áiritheoidh na Ballstáit, seirbhísí an Choimisiúin, SEGS agus Ardrúnaíocht na Comhairle go dtabharfar rochtain do ISAE ar aon fhaisnéis ábhartha.

2. Cuirfidh toscaireachtaí an Aontais i réigiún na Mór-Lochanna nó na Ballstáit, nó sa dá cheann acu, de réir mar is iomchuí, tacaíocht lóistíochta ar fáil sa réigiún.

Airteagal 10

Slándáil

I gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, déanfaidh ISAE gach beart is féidir le réasún, i gcomhréir le sainordú agus le staid na slándála i réimse na freagrachta, i ndáil le slándáil an phearsanra uile atá faoi údarás díreach ISAE, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) plean slándála sonrach a bhunú a bheidh bunaithe ar threoir ó SEGS, lena n-áirítear bearta slándála sonracha fisiciúla, eagraíochtúla agus nós imeachta, lena rialaítear bainistiú ar ghluaiseacht shlán pearsanra chuig an réimse freagrachta agus laistigh de, chomh maith le bainistiú teagmhas slándála, agus lena n-áirítear plean teagmhais agus aslonnaithe;

(b) a áirithiú go gcumhdófar an pearsanra uile a imscartar lasmuigh den Aontas le hárachas ardriosca mar a cheanglaítear leis na coinníollacha i réimse na freagrachta;

(c) a áirithiú go mbeidh oiliúint slándála iomchuí faighte ag foireann ISAE a bheidh le himscaradh lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear pearsanra a bheidh ar conradh go háitiúil, roimh theacht i réimse na freagrachta nó ar theacht isteach sa réimse sin dóibh, bunaithe ar na rátálacha riosca arna sannadh ag SEGS don réimse sin;

(d) a áirithiú go ndéanfar na moltaí comhaontaithe uile, a dhéantar tar éis measúnuithe rialta slándála, a chur chun feidhme agus tuarascálacha i scríbhinn a chur ar fáil don Chomhairle, don Ardionadaí, agus don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme agus maidir le saincheisteanna slándála eile faoi chuimsiú na dtuarascálacha rialta ar an dul chun cinn agus na tuarascála cuimsithí críochnaithí ar chur chun feidhme an tsainordaithe.

Airteagal 11

Tuairisciú

Cuirfidh ISAE tuarascálacha i scríbhinn agus ó bhéal ar fáil go tráthrialta don Ardionadaí, do SEGS agus don Choiste Polaitiúil agus Slándála. Tuairisceoidh ISAE do mheithleacha de chuid na Comhairle freisin. Scaipfear tuarascálacha rialta i scríbhinn trí líonra COREU. Ar an moladh ón Ardionadaí nó ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála, féadfaidh ISAE tuarascálacha a chur ar fáil don Chomhairle Gnóthaí Eachtracha. Féadfaidh ISAE a bheith rannpháirteach i bhfaisnéis a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 12

Comhordú

1. Rannchuideoidh ISAE le haontacht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais agus cabhróidh ISAE lena áirithiú go ndéanfar ionstraimí uile an Aontais agus gníomhaíochtaí uile na mBallstát a shaothrú go comhsheasmhach, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Déanfar gníomhaíochtaí ISAE a chomhordú le gníomhaíochtaí SEGS agus an Choimisiúin. Cuirfidh ISAE seisiúin faisnéise thráthrialta ar fáil do thoscaireachtaí an Aontais agus do mhisin na mBallstát i réigiún na Mór-Lochanna.

([1]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

2. Ar an láthair, leanfar d'idirchaidreamh a chothú go dlúth le cinn thoscaireachtaí an Aontais agus le ceannairí misin na mBallstát. Déanfaidh siad gach iarracht cúnamh a thabhairt do ISAE agus an sainordú á chur chun feidhme aige. Chuige sin, déanfaidh ISAE idirchaidreamh freisin le gníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile ar an láthair.

Airteagal 13

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus ar a chomhsheasmhacht le rannchuidithe eile ón Aontas le réigiún na Mór-Lochanna. Cuirfidh ISAE tuarascálacha rialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 31 May 2025.

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.